Cúrsaí Spóirt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoi chúrsaí spóirt. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt

An bhfuil suim agat i gcúrsaí spóirt?

Cé acu sacar, rugbaí, rásaíocht chapall nó Peil Mheiriceánach is fearr leat?

An bhfuil cruálacht ag baint le rásaíocht chapall agus fuip á úsáid?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Cluiche Dúshláine_____Trick
Lucht leanta/leanúna_____Show
Rogha na Coitiantachta_____Challenge Match
Craobh na Sé Náisiún_____Followers
Beart_____Quarter
Cleas_____Favourite (in Bookmakers)
Taispeántas_____Ankle Injury
Taobh líne_____The Six Nations
Gortú rúitín_____Deal/Move
Geallghlacadóirí_____Bookmakers
Ceathrú_____Side Line

Ceist 3 Anois féach ar an mír don dara uair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cé in aghaidh a bheidh Eire ag imirt san oíche amárach?
2. Cén t-imreoir as Tír Chonaill atá roghnaithe?
3. D'imir Ciaran Clarke faoi aois le cén tír?
4. Cé in aghaidh a bheidh Éire san Aviva Dé Domhnaigh seo chugainn?
5. Cé mhéad seachtaine go mbeidh Cheltenham buailte linn?
6. Cé hé Traenálaí Binoculars?

Ceist 4 Déan iarracht na bearnaí a líonadh leis na focail chearta.

Agus ar deireadh _____ na hoíche aréir i Dallas agus Superbowl uimhir a_____ cúig scuabtha leo ag na Green Bay Packers. Is é an ceathrú huair an curadh mhír _____ amach ag na Packers. Bhuail siad foireann _____ Rooney, de bhunadh Chontae an Dúin, na Steelers as Pittsburgh,_____ a haon, fiche cúig os comhair

slua céad agus a trí mhíle duine is breis is_____ milliún pictiúr ag breathnú ar an teilifís.

(*Ceathracha, spraoi, céad, mhuintir, tríocha, bainte)*

Ceist 5 **'***Greenbay as Wisconsin, an chathair* ***is lú*** *san NFL'*

Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa sampla thuas?

Athraigh na focail idir lúibíní más gá.

1. Is í Máire an duine is (deas) sa rang sin.
2. Sin é an bord is (glan) atá agam.
3. An é sin an carr is (mór) atá sa chlós agat?
4. Cé hé an duine is (sean) i do chlann?
5. Cé hé an duine is (éadrom) sa chlub dornálaíochta?
6. Is é sin an bóthar is (díreach) agus is (fada) sa tír
7. An é Pól an buachaill is (dathúil) sa chumann?

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

'Ba cheart deireadh a chur leis an amaitéarachas sa Pheil Ghaelach agus Iománaíocht/Camógaíocht agus na himreoirí a íoc'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Cluiche Dúshláine_____**Challenge Match**
Lucht leanta/leanúna_____**Followers**
Rogha na Coitiantachta_____**Favourite (in Bookmakers)**
Craobh na Sé Náisiún_____**The Six Nations**
Beart_____**Deal/Move**
Cleas_____**Trick**
Taispeántas_____**Show**
Taobh líne_____**Side Line**
Gortú rúitín_____**Ankle Injury**
Geallghlacadóirí_____**Bookmakers**
Ceathrú_____**Quarter**

Ceist 3

1. Beidh Éire ag imirt in aghaidh na Breataine Bige.
2. Is é Ciarán Clarke atá roghnaithe.
3. D'imir sé faoi aois le Sasana
4. Beidh Éire in aghaidh na Fraince san Aviva
5. Cúig seachtainí eile go mbeidh Cheltenham buailte linn.
6. Is é Nicky Henderson traenálaí Binoculars.

Ceist 4 Agus ar deireadh **spraoi** na hoíche aréir i Dallas agus Superbowl uimhir a **ceathracha** cúig scuabtha leo ag na Green Bay Packers.Is é an ceathrú huair an curadh mhír **bainte** amach ag na Packers. Bhuail siad foireann **mhuintir** Rooney (de bhunadh Chontae an Dúin) na Steelers as Pittsburgh, **tríocha** a haon, fiche cúig os comhair slua céad agus a trí mhíle duine is breis is **céad** milliún pictiúr ag breathnú ar an teilifís.

Ceist 5 Sárchéim na haidiachta atá i gceist sa sampla thuas.

1. Is í Máire an duine is **deise** sa rang sin.
2. Sin é an bord is **glaine** atá agam.
3. An é sin an carr is **mó** atá sa chlós agat?
4. Cé hé an duine is **sine** i do chlann?
5. Cé hé an duine is **éadroime** sa chlub dornálaíochta?
6. Is é sin an bóthar is **dírí** agus is **faide** sa tír
7. An é Pól an buachaill is **dathúla** sa chumann?

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh.

Éimear Ní Chonaola

Tá sé in am anois do scéalta spóirt an lae, a Mhaolra.

Maolra Mac Donncha

Agus dea-scéala ar dtús, a Éimear, do[1] mhuintir Thír Chonaill agus go deimhin do lucht leanúna[2] sacair ar fud na tíre. Tá Séamus Coleman roghnaithe sa deireadh thiar thall ag Giovanni Trapattoni agus rachaidh sé chun páirce sa chluiche[3] dúshláine in aghaidh na Breataine Bige san oíche amárach. Ar an taobhlíne go dtí seo a choinnigh Trapattoni fear na gCealla Beaga, cé go bhfuil sé ar fheabhas le Everton ó thus an tséasúir. Tá Ciaran Clarke as Aston Villa, fear a d'imir le foirne faoi aois Shasana é féin,[4] roghnaithe. Níl Robbie Keane ar fáil, é gortaithe a deir sé, ag imirt le West Ham inné agus is é[5] Jonathan Walters agus ní Shane Long a imreoidh[6] ina áit. Beidh Shay Given sa chúl[7], John O'Shea, Seán St Ledger, Richard Dunne agus Ciaran Clarke amach os a chomhair. Imreoidh Coleman agus Glenn Whelan agus Damien Duff sa lár in éineacht [8]le Paul Greene nó Darren Gibson agus is iad[9] Walters agus Kevin Doyle an bheirt chun tosaigh.

Tá an fhoireann náisiúnta rugbaí dá n-ullmhú féin don choimhlint mhór mhillteach san Aviva dé Domhnaigh seo chugainn in aghaidh na Fraince. Ar éigean Dé a thug foireann Declan Kidney na cosa leo arú inné sa Róimh sa chéad[10] chluiche acu i gCraobh na Sé Náisiún. Níor imir Jamie Heaslip in aghaidh na hIodáile mar gheall ar ghortú rúitín. Beidh seisean ar fail, meastar, do chluiche na Fraince ach faraor tá Steven Ferris agus Tommy Bowe fós cniogtha[11]. Fógróidh Kidney an fhoireann arú amárach.

Rásaí[12] Capall. Tá an traenálaí Nicky Henderson tar éis a rá go bhfuil cuma na maitheasa ar Binocular agus daoine ag díriú ar Cheltenham faoi cheann cúig seachtainí. Níorbh é an taispeántas is fearr a bhí riamh aige agus é ag buachaint[13] Dé Sathairn i Sandown ach rinne sé an cleas céanna an t-am seo anuraidh sula ndearna sé an beart sa Champion Hurdle. Is é J.P Mc Manus úinéir[14] Binocular. Ar ndóigh, 'sé rogha na coitiantachta é ag na geallghlacadóirí, praghas trí in aghaidh a haon.

Agus ar deireadh spraoi na hoíche aréir i Dallas agus Superbowl uimhir a ceathracha cúig scuabtha leo ag na Green Bay Packers. Is é an ceathrú huair an curadh mhír bainte amach ag na Packers. Bhuail siad foireann mhuintir Rooney (de bhunadh Chontae an Dúin) na Steelers as Pittsburgh, tríocha a haon, fiche cúig os comhair slua céad agus a trí mhíle duine is breis is céad milliún pictiúr ag breathnú ar an teilifís. Chaith quarterback na Steelers

---

[1] 'Go' a deirtear in ionad 'do' i nGaeilge Chonamara
[2] Leanta a deirtear
[3] sa gcluiche deirtear
[4] É fhéin a deirtear sa chaint
[5] Sé a deirtear
[6] a imreos deirtear
[7] Sa gcúl a deirtear
[8] In éindí a deirtear sa chaint
[9] S'iad a deirtear
[10] sa gcéad
[11] criogtha a deirtear sa chaint
[12] Is rastaí a deirtear in ionad rásaí in áiteanna áirithe i gConamara
[13] gruachtáil a deirtear sa chaint
[14] úinéara i gcanúint an léitheora

Ben an liathróid ag na Packers faoi dhó sa chluiche[15] agus ba é ba chúis leis an scór sin sa chéad[16] cheathrú ag Nick Collins. Bhí Pittsburgh ocht bpointe dhéag le fána ag tarraingt ar leath ama ach is beag bídeach nár tháinig siad ar ais. Sé phointe a bhí idir na foirne sa deireadh, an bua ag Greenbay as Wisconsin, an chathair is lú san NFL.

Agus sin é mo chuidse tráthnóna, Éimear

Éimear Ní Chonaola

Go raibh míle maith agat, a Mhaolra.

[15] sa gluiche a deirtear
[16] sa gcéad